European Institute for Gender Equality

Preaséisiúnt

Innéacs Comhionannais Inscne 2024: Agus dul chun cinn beag bídeach á dhéanamh maidir le "aontas an chomhionannais" a bhaint amach, fágtar nach mbraitheann gach tír na tairbhí go cothrom

- **Is é scór an Innéacs Comhionannais Inscne don Aontas 71 as 100, ar feabhas 0.8 pointe é sin ó bhí 2023 ann (méadú 7.9 pointe ó bhí 2010 ann)**

Vilnias, an Liotuáin – Nochtann EIGE inniu a Innéacs Comhionannais Inscne 2024 lena léirítear go bhfuil an tAontas ag dul chun cinn de réir a chéile chun "aontas comhionannais" a bhaint amach. I gcomhthéacs na héiginnteachta polaitiúla agus eacnamaíche, tugann an ghníomhaireacht rabhadh i gcoinne réchúise faoi na gnóthachain bheaga sin.

Léiríonn Innéacs 2024 éagsúlacht shuntasach ar fud na mBallstát, agus bhain an tSualainn an scór is airde amach ag 82 agus bhain an Rómáin an scór is ísle amach ag 57.5. Bhain Málta, an tSeicia agus an Liotuáin na gnóthachain is mó amach i mbliana, agus méaduithe de +2.3, +2.0, agus +1.7 pointe faoi seach acu ó bhí 2023 ann.

Ach tá ocht gcinn de na 27 Ballstát (an tSeicia, an Eastóin, an Chróit, an Laitvia, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic) ag titim níos faide chun deireadh ar an gcuid eile den Eoraip ar an mbealach chun comhionannas inscne a bhaint amach.

Agus tá aon ghnóthachain a bhí saothraithe go maith leochaileach. Tá AE cuimsitheach agus comhionann fós i bhfad i gcéin agus éiginnte mura dtugann na Ballstáit tús áite do shaincheisteanna inscne le linn cláir oibre pholaitiúla agus eacnamaíocha atá ag athrú.

"Is é comhionannas inscne an bhunchloch maidir leis an Eoraip atá níos láidre a bhaint amach. Léirítear in Innéacs 2024 go bhfuil dul chun cinn indéanta, ach ní choinneoimid an dul chun cinn sin ar bun ach amháin le gníomh misniúil marthanach," a deir Stiúrthóir EIGE, Carlien Scheele.

"I gcás lucht ceaptha beartas agus lucht déanta cinntí san Aontas, tá an dá rogha seo a leanas acu: a bheith tiomanta go hiomlán don chomhionannas inscne nó ligean do neamhionannais

struchtúracha leanúint ar aghaidh. Faoi dheireadh is faoi dheoidh, ní mór dúinn a thuiscint gur réiteach é an comhionannas inscne ar na dúshláin shochaíocha is mó atá romhainn. Chun sochaithe níos láidre agus níos comhtháite a thógáil."

Baineann an tInnéacs úsáid as sonraí chun bonn eolais a chur faoi thuiscint mhionsonraithe thar shé ghné dár saol laethúil: Obair, airgead, eolas, am, cumhacht agus sláinte.

Buaicphointí ó eagrán na bliana seo

- Tá 15 Bhallstát ag druidim níos gaire do mheán an Aontais, ach tá ocht dtír ag bogadh ar luas níos moille agus iad ag titim níos faide chun deiridh ar an gcuid eile
- Is é réimse na **cumhachta** is mó a spreagann an t-athrú (+19.5 pointe ó bhí 2010 ann agus +2.3 ó bhí 2023 ann), rud a léiríonn comhionannas inscne feabhsaithe sa chinnteoireacht
- Ach thit cion na mban FPE den chéad uair ó 1979
- Is é an dul chun cinn maidir le comhionannas inscne i réimse na **sláinte** an dul chun cinn is moille i ngach réimse (+1.8 pointe ó bhí 2010 ann), agus tá stádas sláinte na mban agus na bhfear araon ar fud an AE ag dul in olcas
- Níl aon bhorradh faoi dhul chun cinn i réimse na **hoibre,** agus is iad na bearnaí inscne is measa i measc lánúineacha a bhfuil leanaí acu
- I réimse an **airgid**, tá bearnaí inscne ag fás dóibh siúd atá os cionn 50 bliain d'aois, rud a léiríonn an t-ualach ar feadh an tsaoil ar mhná a bhfuil freagrachtaí cúraim gan íocaíocht orthu
- Tá bearnaí inscne san oideachas fabhrach do mhná: tá an dul chun cinn san **eolas** mar gheall ar líon níos airde céimithe, ach tá an leithscaradh daingnithe fós ina bhac ar dhul chun cinn suntasach
- Léiríonn dul chun cinn mall i réimse an **ama** (+3.3 pointe ó bhí 2010 ann) go nglacann mná formhór na bhfreagrachtaí cúraim gan íocaíocht, rud a chuireann teorainn le deiseanna oibre, féinchúraim, spóirt, cultúir agus fóillíochta

Leagtar béim san Innéacs ar an gcaoi a bhfuil mná á gcoinneáil siar ag an bhforéigean inscnebhunaithe i bhformhór na réimsí. Leis an bhFócas Téamach um an Innéacs Comhionannais Inscne, a eiseofar in 2025, léireofar fianaise atá cothrom le dáta ó shuirbhé nua an Aontais maidir le foréigean inscnebhunaithe.

Chun tuilleadh sonraí a fháil agus chun dul chun cinn do thíre maidir le comhionannais a bhaint amach a sheiceáil, íoslódáil eagrán iomlán 2024 den Innéacs Comhionannais Inscne, anseo.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus iarratais agallaimh, téigh i dteagmháil le Georgie Bradley
Teileafón: +370 6 982 7826
Email: georgie.bradley@eige.europa.eu

Eolas faoi EIGE

Táirgeann an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) taighde neamhspleách agus roinneann sí dea-chleachtais chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun deireadh a chur le hidirdhealú bunaithe ar

inscne. Mar ghníomhaireacht an Aontais um chomhionannas inscne, cabhraímid le daoine comhdheiseanna a bhaint amach ionas go mbeidh rath ar gach duine, neamhspleách ar a n-inscne agus ar a gcúlra.

Eolas faoin Innéacs Comhionannais Inscne

Cuidíonn an tInnéacs Comhionannais Inscne le lucht déanta beartas comhionannas inscne a rianú agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Úsáideann sé sonraí chun bonn eolais a chur faoi thuiscint mhionsonraithe thar shé ghné dár saol laethúil: Obair, airgead, eolas, am, cumhacht agus sláinte. Trí 31 méadracht ábhartha ó na Ballstáit uile a chomhcheangal, léirítear sracfhéachaint ar an scéal ar fad.

Ligeann sé dúinn comparáid a dhéanamh idir tíortha, ábhair nó scálaí ama. Trí na sonraí seo go léir a chomhiomlánú in aon scór amháin, ó 1 go 100 (áit a gciallaíonn 100 comhionannas inscne iomlán), is féidir a thaispeáint áiteanna a bhfuil na bearnaí agus áiteanna ar dócha go mbeadh an tionchar is mó ag beartais.